An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

# An Comhairliúchán ar Obair Sholúbtha

## Nóta Treorach

Bealtaine 2021

# Clár an Ábhair

1. An Comhairliúchán Poiblí ar Obair Sholúbtha ..... 3
2. Cuspóir an Chomhairliúcháin ..... 4
3. Cad é cúlra an chomhairliúcháin seo? ..... 5
4. Cén t-eolas a theastaíonn ón Rialtas a fháil ó d'aighneacht scríofa? ..... 7
5. Cad a dhéanfaidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le d'fhreagairtí? ..... 8

## 1. An Comhairliúchán Poiblí ar Obair Sholúbtha

Sheol an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a próiseas comhairliúcháin phoiblí ar Obair Sholúbtha, a bheidh ar siúl ó Dé Céadaoin, an 5 Bealtaine go dtí Dé hAoine, an 28 Bealtaine 2021.

Lorgaítear dearcthaí ó fhostóirí, fostaithe, ceardchumainn agus an pobal i gcoitinne faoi obair sholúbtha. Is féidir leat do dhearcthaí a thabhairt trí cheistneoir gearr a fhreagairt atá ar fáil ag https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/FlexibleWorkingSurvey2021.

Más maith le d'eagraíocht aighneacht mhionsonraithe a dhéanamh, déan sin, le do thoil, agus seol ar aghaidh é chuig flexibleworkingconsultation@equality.gov.ie. Is féidir leat aighneacht a dhéanamh thar ceann eagraíochta, fostóra, ceardchumainn nó mar dhuine aonair.

**Is é an spriocdháta chun aighneachtaí a fháil Dé hAoine, an 28 Bealtaine 2021 ag 5 PM.**

**Saoráil Faisnéise**

Is féidir gach aighneacht a sheoltar chuig an Roinn a scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014 agus tá siad faoi réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí freisin.

## 2. Cuspóir an Chomhairliúcháin

Lorgaíonn an Rialtas beartas agus treoir oibre solúbtha a fhorbairt ina gcuirtear riachtanais teaghlach (go háirithe iad siúd le leanaí); daoine aonair, iad siúd ina measc faoi mhíchumas; fostóirí agus an gheilleagair níos fairsinge san áireamh.

Tá an comhairliúchán seo á chur ar siúl chun dearcthaí a lorg ó fhostóirí, fostaithe agus an pobal i gcoitinne faoi:

- na saincheisteanna is tábhachtaí dóibh i dtaobh obair sholúbtha, na saghsanna socruithe oibre solúbtha atá i bhfeidhm faoi láthair agus na hathruithe ba mhaith leo go ndéanfar;
- tionchar féideartha athruithe ar theicneolaíocht, an t-ionad oibre, an teaghlach agus an tsochaí ar na saghsanna socruithe oibre solúbtha atá ar fáil do, nó a lorgaíonn fostaithe;
- cineál athraitheach socruithe oibre solúbtha i gcomhthéacs na paindéime;
- na bacainní féideartha a d'fhéadfadh bheith roimh fhostóirí beaga, meánmhéide agus móra nuair a bhíonn socruithe oibre solúbtha á n-éascú d'fhostaithe anuas ar an tionchar féideartha riaracháin;
- na tosca ratha a chabhróidh leis an Rialtas agus gnólachtaí roghanna oibre solúbtha a fhorbairt a oirfidh d'fhostaithe agus fostóirí.

## 3. Cad é cúlra an chomhairliúcháin seo?

Gheall an Rialtas i Straitéis Na Chéad Chúig chun barr feabhais a chur ar theacht ar obair sholúbtha a thacaíonn le teaghlaigh. Lorgaíonn an Rialtas beartas a fhorbairt ina gcuirtear riachtanais teaghlach (go háirithe iad siúd le leanaí), daoine aonair, iad siúd ina measc faoi mhíchumas, fostóirí agus an gheilleagair níos fairsinge san áireamh. Is féidir le socruithe oibre solúbtha tacú le tuismitheoirí cothromaíocht a bhaint amach idir freagrachtaí cúraim agus oibre. Bíonn ríthábhacht leo freisin, amanna, ina measc siúd a thugann cúram do dhaoine breacaosta nó iad siúd faoi mhíchumas agus fostaithe atá faoi mhíchumas.

Imríonn an fad a bhíonn ar dhaoine aonair taisteal chuig a n-ionaid oibre, an fháil agus an costas a bhíonn ar thithíocht, iompar, cúram leanaí agus cúram daoine scothaosta go léir tionchar ar chineál na socruithe a lorgaíonn fostaithe. Féadtar na rudaí seo a leanas a áireamh le roghanna oibre solúbtha:

- obair a thosú nó a chríochnú ag amanna éagsúla
- uaireanta teoranta a oibriú
- teacht a bheith ar fhleisc-am
- bheith ábalta oibriú ó chian
- teacht ar roghanna oibre páirtaimseartha nó roinnte.

Tá an beartas oibre solúbtha á fhorbairt agus athrú ar siúl a imreoidh tionchar ar shaghas na socruithe a chuireann fostóir ar tairiscint agus ar na cinntí a dhéanann oibrí. D’athraigh COVID-19 saol oibre go leor fostóirí agus fostaithe ó bhonn. Cuireann an teicneolaíocht ar chumas níos mó daoine oibriú ar bhealach éagsúil. Tá athrú ag teacht freisin ar chineál an ionaid oibre, agus cumasaíonn seo solúbthacht níos fearr i dtaobh cá agus cathain a oibríonn an fostaí. Imreoidh athruithe déimeagrafacha tionchar freisin ar fhreagrachtaí cúraim agus cinntí daoine aonair i dtaobh cá agus cathain a oibríonn siad. D’fhéadfadh neamhfháil ar shocruithe cothromaíocht oibre is saoil tionchar a imirt ar cén cuideachtaí a mheallann agus a choimeádann an tallann is fearr.

Chuir an Rialtas roinnt straitéisí i bhfeidhm atá dírithe ar a chur ar chumas níos mó daoine fostaíocht a iontráil agus leanúint de bheith fostaithe. Déanann an Straitéis Náisiúnta maidir le Mná agus Cailíní rannpháirtíocht níos mó i measc ban sa lucht saothair a chur chun cinn agus lorgaíonn sé fir a éascú tabhairt faoi níos mó freagrachtaí cúraim do leanaí agus cleithiúnaithe breacaosta. Leagann an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi

Mhíchumas an cuspóir amach earcaíocht agus coimeád daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair a chur chun cinn.

Tá teacht anois ag oibrithe a lorgaíonn cothromaíocht a bhaint amach idir freagrachtaí teaghlaigh agus oibre ar réimse teidlíochtaí saoire theaghlaigh reachtúil. Is iad na teidlíochtaí reachtúla seo:

- Saoire thuismitheoireachta atá ar fáil do thuismitheoirí leanaí faoi 12 bhliain d'aois (nó 16 bliana d'aois má tá na leanaí faoi mhíchumas);
- Saoire mháithreachais do mháthair ag tráth breithe a linbh;
- Saoire atharthachta d'athair sula mbaineann leanbh 6 mhí d'aois amach;
- Saoire thuismitheora do thuismitheoir laistigh den chéad dhá bhliain de shaol linbh;
- Saoire uchtaíoch do thuismitheoir nuair a dhéantar leanbh a uchtáil;
- Saoire chúramóra dóibh siúd a thugann faoi fhreagrachtaí cúraim dóibh siúd a dteastaíonn cúram uathu.

## 4. Cén t-eolas a theastaíonn ón Rialtas a fháil ó d'aighneacht scríofa?

Más mian leat aighneacht scríofa a dhéanamh, beartaítear go dtabharfaidh na ceisteanna seo a leanas treoir duit.

**Fostaithe**

1. An gcuireann d'fhostóir socruithe oibre solúbtha ar fáil? Cén socruithe atá ar fáil?
2. Mar fhostaí, cén sórt socruithe oibre solúbtha an teastaíonn uait nó ar mhaith leat go gcuirfear i bhfeidhm iad i d'ionad oibre?
3. Dar leat, cén socruithe solúbtha oibre ar cheart tús áite a thabhairt dóibh?
4. Cén gníomhartha a cheapann tú a bhféadfadh an Rialtas a dhéanamh chun cabhrú leat teacht ar roghanna oibre solúbtha?
5. Cén gníomhartha a cheapann tú ar cheart d'fhostóirí a thabhairt isteach?

**Fostóirí**

1. Mar fhostóir, cén sórt socruithe oibre solúbtha is mó a oireann duit?
2. An gcuireann tú socruithe oibre solúbtha ar fáil do d'fhostaithe? Cén roghanna a chuireann tú ar fáil?
3. An bhféadfadh an Rialtas gníomhartha a dhéanamh chun aon tionchar diúltach a laghdú a imríonn socruithe oibre solúbtha ort mar fhostóir?
4. An bhfuil aon tacaíochtaí nó réitigh theicneolaíochta nua agus atá ag teacht chun cinn ar mhaith leat go bhfiosrófaí nó go dtabharfaí isteach iad? Conas a d'imreoidís seo tionchar díreach ar do ghnólacht?

**Ceardchumainn**

1. Cad í an staid reatha maidir le socruithe oibre solúbtha do do chuid ball?
2. Cén gníomhartha ar mhaith leat go dtabharfadh an Rialtas isteach chun feabhas a chur ar an réimse socruithe oibre solúbtha atá ar fáil do do bhaill?
3. Cén gníomhartha ar mhaith leat go dtabharfadh fostóirí isteach lena chur ar chumas do bhall teacht ar shocruithe oibre solúbtha?
4. An ngearrtar pionóis ar fhostaithe a gcuirtear socruithe oibre solúbtha ar fáil dóibh?

## 5. Cad a dhéanfaidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le d’fhreagairtí?

Úsáidfidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige na freagraí a thugann tú ar na ceisteanna seo chun beartas maidir le hobair sholúbtha a fhorbairt. Déanfaidh sé tuarascáil a ullmhú in 2021 a thabharfaidh achoimre ar na torthaí ón gcomhairliúchán seo.

Úsáidfidh an Rialtas torthaí an chomhairliúcháin seo chun breithniú a dhéanamh ar cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn reachtaíocht nua. Déanfaidh sé breithniú freisin ar cibé acu an bhfreastalaíonn nó nach bhfreastalaíonn tacaíochtaí reatha ar riachtanais ghnólachtaí agus fostaithe agus má theastaíonn nó mura dteastaíonn tacaíochtaí breise. Fiosrófar conas is féidir le teicneolaíocht agus modhanna oibre cabhrú le fostóirí agus fostaithe socruithe oibre solúbtha a bheith acu a fhreastalaíonn ar riachtanais fostaithe agus ghnólachtaí araon.

**Plaza Miesach, 50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach,**
Baile Átha Cliath 2. D02 XW14

Miesian Plaza, 50-58 Baggot Street Lower,
Baile Átha Cliath 2. D02 XW14

Guthán +353 1 647 3000

www.gov.ie